Cubbie, an bosca teiripe

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhosca nua teiripe, darb ainm *Cubbie*, atá i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
sláinte aigne folláine imní …	*upset, sensory …*

1. Féach ar an bhfíseán seo a léiríonn cad a dhéanann an bosca *Cubbie*. Cén fheidhm atá ag an mbosca, dar leat?
2. Cén fáth a mbeadh bosca mar sin i scoil, dar leat?
3. Cuidíonn bosca mar seo le daltaí scoile a mbíonn riachtanais faoi leith acu. Cad iad na riachtanais sin, dar leat?
4. An maith leat na híomhánna ar an mbileog seo?

   Cé acu is fearr leat? Cén fáth?

Is féidir an físeán a scanadh anseo.

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

gléas	*hustle and bustle*
céadfa (céadfach)	*autism*
suaitheadh	*sanctuary*
cúrsaí cúirtéireachta	*agitation*
fothragadh	*money collecting campaign*
áis rialaithe	*appliance, device*
uathachas	*relationship/dating matters*
teiripeoir saothair	*chance to escape*
spreagthaí	*occupational therapist*
feachtas bailithe airgid	*regulating aid*
deis éalaithe	*sense (sensory)*
tearmann	*stimuli*

2. Cad iad na cúig chéadfa?

3. Má chiallaíonn ‘dóithín’ *easy feat/matter*, cad is brí leis an bhfrása ‘ní haon dóithín é’?

4. An aontaíonn tú leis an abairt seo ón mír?

   ‘Ní haon dóithín é beatha an déagóra.’

C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

   - Má bhíonn _____ aigne ort, cuidíonn *Cubbie* leat.
   - Cuireann _____, _____ agus brúnna eile go mór le strus i saol an déagóra.
   - Is é an radharc an _____ is tábhachtaí, i mo thuairimse.
   - Is _____ é *Cubbie* atá dírithe ar shláinte aigne agus ar rialú céadfaí
   - Is _____ céadfaí é *Cubbie*.
   - Is _____ suaimhnis agus machnaimh é *Cubbie* a thugann _____ do dhaltaí scoile.
   - Cabhraíonn an bosca teiripe seo le daltaí a bhfuil _____ orthu.
   - Tugann *Cubbie* sos do dhaltaí ó _____ a thagann róthapa.
   - Le tacaíocht ó _____* is féidir le daltaí cláir faoi leith a roghnú a oireann do na riachtanais faoi leith atá acu féin. (* = séimhiú)
   - Tá _____ ar bun sa scoil chun íoc as an mbosca teiripe.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

a) Cad iad na brúnna ar fad a bhíonn ar dhéagóirí, dar le Seán Mac an tSíthigh?
b) Conas a chabhraíonn an áis rialaithe céadfaí, *Cubbie*, le daltaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu?
c) Deir Éamonn Mac Muiris go gcuidíonn *Cubbie* le daltaí smacht a chur ar na riachtanais chéadfacha atá acu. Luaigh sé daltaí faoi leith. Cé hiad?
d) An bhfuil an ráiteas thíos fíor nó bréagach? *Deir Máire Ní Riain go mbíonn sé dúshlánach do dhaltaí áirithe eolas a thagann isteach trí na céadfaí a phróiseáil, go háirithe má tá an t-eolas ag teacht go tapa. Tugann Cubbie sos do na daltaí seo chun smacht a fháil ar a gcuid riachtanas céadfach.*
e) Cé a bhainfidh úsáid as an ngléas seo sa scoil?
f) Cé mhéad a chosnaíonn *Cubbie*?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha gan an t-alt)

a) Féach ar na samplaí seo ón mír leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoin dara focal sna samplaí?

sláinte **aigne** *agus* ábhar **fuaime**

b) Bain amach na lúibíní sna samplaí (ón mír) thíos agus líon na bearnaí leis na foirmeacha cearta de na hainmfhocail. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

suaitheadh (aigne)	suaitheadh **aigne**
ábhar (fís)	ábhar _____
cúrsaí (cúirtéireacht)	cúrsaí _____
teiripeoir (saothar)	teiripeoir _____
síceolaí (oideachas)	síceolaí _____
deis (éalú)	deis _____
tearmann (suaimhneas)	tearmann _____
tearmann (machnamh)	tearmann _____

2: Saibhreas teanga (na céadfaí)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

a) Líonaigí na bearnaí sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

Na céadfaí	**Cur síos**
Blas	Úsáidtear an béal chun rudaí a bhlaiseadh.
Éisteacht	
Radharc	
Boladh	
Tadhall	

b) Cad é an céadfa is fearr leat? Cén fáth? Tabhair samplaí.

c) Samhlaigh go bhfuil COVID ort agus gur chaill tú an dá chéadfa – blas agus boladh. Conas a mhothaíonn tú?

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna thíos.

a) Féachaigí ar an liosta a bhí ag Seán Mac an tSíthigh de na rudaí a chuireann imní ar dhéagóirí sa lá atá inniu ann. An féidir libh cur leis an liosta sin?

- ✓ scrúduithe
- ✓ obair bhaile
- ✓ cúrsaí cúirtéireachta
- ✓ na meáin shóisialta
- ✓ fothragadh

b) Cad é an rud is mó ón liosta sin a chuireann imní ort féin? Cuir uimhir a haon in aice leis an gcúis imní sin, uimhir a dó in aice leis an gcéad cheann eile agus mar sin ar aghaidh. Cuir do liosta i gcomparáid le liosta an duine in aice leat.

c) Déanaigí plé le chéile ar conas is féidir na cúiseanna imní sa liosta thuas a mhaolú. Mar shampla:

Má tá imní ort faoi na scrúduithe, scríobh amach plean nó sceideal oibre…

Leanfaidh an aimsir láithreach agus séimhiú 'má' sna samplaí seo – má tá/má bhíonn.

Beidh an modh ordaitheach in úsáid ansin chun comhairle a thabhairt – scríobh.

2: Scríobh



Scríobh amach liosta de na rudaí a chuireann imní ort. Breac síos pointe amháin comhairle duit féin chun déileáil le gach ábhar imní sa bhliain nua seo.

AN SCRIPT

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá daltaí i bPobalscoil Chorca Dhuibhne ag baint leas as gléas nua atá dírithe ar shláinte aigne agus rialú céadfaí. *Cubbie* a thugtar ar an mbosca teiripe ina gcuireann ábhar fuaime agus físe smacht ar shuaitheadh aigne.

Seán Mac an tSíthigh
Scrúduithe, obair bhaile, cúrsaí cúirtéireachta, na meáin shóisialta, fothragadh agus brúnna eile an tsaoil mhóir. Ní haon dóithín é beatha an déagóra sa lá atá inniu ann.
Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne
Agus seo áit phríobháideach do na daltaí gur féidir leo teacht isteach agus …
Seán Mac an tSíthigh
Ach anois, tá teacht ar áit chiúin i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Spás inar féidir le dalta sos a thógáint[1] ón bhfothragadh.
Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne
Ansin, is féidir leo suí isteach anseo agus tá dearadh ar an suíochán.
Seán Mac an tSíthigh
Cubbie a thugtar ar an ngléas seo. Áis rialaithe céadfaí a chabhraíonn go mór le daltaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu.
Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne
Mar shampla, daoine go bhfuil diagnóis d'uathachas orthu nó ADHD nó go bhfuil diagnóis d'imní orthu agus cabhraíonn sé go mór le daltaí dá leithéid, ó thaobh, mar a deirim, smacht a chur ar na riachtanais chéadfacha atá acu siúd.
Seán Mac an tSíthigh
Le tacaíocht ó theiripeoir saothair is féidir cláracha[2] pearsanta faoi leith a chumadh do dhaltaí le riachtanais faoi leith.
Máire Ní Riain, Síceolaí Oideachais
Tá dúshlán acu le próiseáil – an t-eolas atá ag teacht ón dtimpeallacht[3] trí na céadfaí. B'fhéidir go mbeadh boladh i gceist, nó rudaí a chíonn siad nó ag teacht trí na súile, nó fuaimeanna. De ghnáth, fuaimeanna a chuireann isteach go mór ar pháistí i seomraí ranga. Tugann sé sos dóibh, má bhíonn sos ag teastáil ó na spreagthaí atá ag teacht, atá róláidir, is féidir imeacht ón láthair sin ar feadh tamaillín go háit chiúin, ina bhfuil saghas, cad a déarfá, smacht acu ar an eolas atá ag teacht róthapa chucu.
Seán Mac an tSíthigh
Cé go gcabhróidh an seomra seo go mór le daltaí go bhfuil riachtanais chéadfacha acu, tá an áis seo ar fáil do phobal uile na scoile.
Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne
Na daltaí ar fad agus foireann na scoile chomh maith, nach bhfuil aon stiogma i gceist leis agus go bhfuil fáilte roimis[4] gach aon duine.
Seán Mac an tSíthigh
Tá os cionn fiche míle euro ar ghléas dá leithéid seo agus tá feachtas bailithe airgid ar bun ag an scoil chun an costas sin a sheasamh. Deis éalaithe ó shuaitheadh an tsaoil, tearmann suaimhnis agus machnaimh.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, an Daingean.

---

[1] tógáint = leagan canúnach de 'tógáil'
[2] cláracha = cláir
[3] Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí seo ar fad; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[4] roimis = roimh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Is féidir gur ábhar íogair é an plé seo do dhaltaí áirithe. B'fhearr mar sin, gan brú a chur ar fhoghlaimeoirí a bheith ag caint mura bhfuil fonn orthu. Seo nasc chuig físeán eile - https://www.youtube.com/watch?v=bCRIyYC0F4I – ina ndéantar cur síos i mBéarla ar an *Cubbie*. Má cheapann tú go gcuideoidh sé leis na foghlaimeoirí chun an mhír a thuiscint níos fearr, is féidir é sin a sheinm chomh maith.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

gléas	*appliance, device*
céadfa (céadfach)	*sense (sensory)*
suaitheadh	*agitation*
cúrsaí cúirtéireachta	*relationship/dating matters*
fothragadh	*hustle and bustle*
áis rialaithe	*regulating aid*
uathachas	*autism*
teiripeoir saothair	*occupational therapist*
spreagthaí	*stimuli*
feachtas bailithe airgid	*money collecting campaign*
deis éalaithe	*chance to escape*
tearmann	*sanctuary*

2. Blas – *taste*, éisteacht – *hearing*; radharc – *sight*; boladh – *smell*; tadhall – *touch*.
3. *It's no joke; it's no easy feat.*
4. Tuairimíocht atá i gceist anseo.

C: TUISCINT

1. Féach:
   - Má bhíonn **suaitheadh** aigne ort, cuidíonn *Cubbie* leat.
   - Cuireann **cúrsaí cúirtéireachta**, **fothragadh** agus brúnna eile go mór le strus i saol an déagóra.
   - Is é an radharc an **céadfa** is tábhachtaí, i mo thuairimse.
   - Is **gléas** é *Cubbie* atá dírithe ar shláinte aigne agus ar rialú céadfaí.
   - Is **áis rialaithe** céadfaí é *Cubbie*.
   - Is **tearmann** suaimhnis agus machnaimh é *Cubbie* a thugann **deis éalaithe** do dhaltaí scoile.

- Cabhraíonn an bosca teiripe seo le daltaí a bhfuil **uathachas** orthu.
- Tugann *Cubbie* sos do dhaltaí ó **spreagthaí** a thagann róthapa.
- Le tacaíocht ó **theiripeoir saothair** is féidir le daltaí cláir faoi leith a roghnú a oireann do na riachtanais faoi leith atá acu féin.
- Tá **feachtas bailithe airgid** ar bun sa scoil chun íoc as an mbosca.

2. Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha gan an t-alt)

a) Tá na focail 'aigne' agus 'fuaime' sa tuiseal ginideach, uatha.

b) Féach:

suaitheadh **aigne**
ábhar **físe**
cúrsaí **cúirtéireachta**
teiripeoir **saothair**
síceolaí **oideachais**
deis **éalaithe**
tearmann **suaimhnis**
tearmann **machnaimh.**

2: Saibhreas teanga (na céadfaí)

a) Féach:

Na céadfaí	Cur síos
Blas	Úsáidtear an béal chun rudaí a bhlaiseadh.
Éisteacht	Úsáidtear na cluasa chun rudaí a chloisteáil.
Radharc	Úsáidtear na súile chun rudaí a fheiceáil.
Boladh	Úsáidtear an tsrón chun boladh a fháil.
Tadhall	Is féidir rudaí a mhothú leis an gcraiceann.

b) Tuairimíocht atá i gceist.

c) Tuairimíocht arís, mar shampla – mothaím tinn agus cineál caillte; tá sé dainséarach mar dá mbeadh an teach trí thine ní bheadh aon bholadh faighte agam; ní bhainim sult as aon bhia; níl ocras orm srl.

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Tabhair deis do na foghlaimeoirí cur leis an liosta de bhuarthaí an tsaoil agus na fadhbanna a chur in ord tosaíochta ansin. Tabhair deis dóibh plé a dhéanamh ar conas dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

2: Caint

Iarr orthu pointí comhairle a scríobh dóibh féin chun déileáil leis na buarthaí a bhíonn acu.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad / Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | TG4